

ag guí




bean rialta



clochar



clóca



crosóg Bhríde

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

Chuidigh Naomh Bríd le daoine bochta. Cén fáth a mbíonn daoine ag iarraidh cuidiú le daoine bochta, do bharúil?

### Tasc 2:

Naomh clúiteach a bhí i Naomh Bríd. Ainmnigh 5 naomh eile.

CEA
Rewarding Learning


Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

22 Naomh Bríd

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# Naomh Bríd

Rugadh Naomh Bríd sa bhliain 453. Cailín deas cuidiúil a bhí inti a chreid go mór i nDia. Chaith sí cuid mhór ama **ag guí** agus ag cuidiú leis na daoine bochta. Nuair a bhí sí óg, chuala sí daoine ag caint ar Naomh Pádraig. Dúirt gach duine gur fear an-mhaith ar fad a bhí ann agus go raibh sé i gcónaí ag labhairt le daoine faoi Dhia. Ba mhaith le Bríd bheith ina **bean rialta** mar ba mhaith léi bheith mór le Dia agus cuidiú le daoine bochta.

Nuair a bhí Bríd ina bean rialta, chuaigh sí chuig an rí agus dúirt sí leis gur mhaith léi talamh a fháil le **clochar** a thógáil. Níor thaitin sin leis an rí ar dtús mar ní raibh sé ag iarraidh talamh ar bith a thabhairt di. Rinne sé iarracht bheith cliste agus dúirt sé léi, 'Cuir do **chlóca** ar an talamh agus tabharfaidh mé an talamh uilig atá faoin chlóca duit.' Nuair a chuir Bríd a clóca ar an talamh d'fhás sé agus d'fhás sé, go dtí go raibh cuid mhór den talamh clúdaithe aige. Chuir sin iontas ar an rí agus thuig sé gur duine iontach speisialta a bhí inti. Bhí sé sásta go leor an talamh a thabhairt do Bhríd ansin.

Chaith Naomh Bríd saol fada mar bhean rialta go dtí go bhfuair sí bás sa bhliain 525. Bhí sí 72 bliain d'aois. Bíonn muid ag ceiliúradh Lá Fhéile Bríde ar an 1ú Feabhra. Déanann muid **crosóga Bhríde** ar an lá sin fosta. Sin an chéad lá den earrach in Éirinn, cé go mbíonn sé cosúil leis an gheimhreadh go fóill!

# Ceisteanna

**1. Cé acu aidiacht is fearr a chuireann síos ar Naomh Bríd?**
(a) Cineálta
(b) Greannmhar
(c) Crosta

**2. Ba mhaith le Naomh Bríd bheith ina bean rialta mar:**
(a) níor chreid sí i nDia.
(b) chreid sí go mór i nDia.
(c) ní raibh dúil aici sna daoine bochta.

**3. Cén fáth ar dhúirt an rí le Bríd a clóca a chur ar an talamh?**
(a) Bhí an talamh fliuch
(b) Bhí sé ag iarraidh bheith glic
(c) Bhí Bríd tuirseach

**4. Cad é a chuir iontas ar an rí?**
(a) Bhí draíocht sa chlóca
(b) Fuair Naomh Bríd bás nuair a bhí sí 72 bliain d'aois
(c) Thóg Naomh Bríd clochar ar an talamh

**5. Cén fáth a raibh an rí sásta cuidiú le Bríd sa deireadh?**
(a) Bhí eagla air
(b) Bhí a fhios aige gur dhuine speisialta í
(c) Thug sí airgead dó

**6. Cad é a dhéanann daoine inniu i gcuimhne ar Naomh Bríd?**
(a) Glacann siad talamh ón rí
(b) Déanann siad crosóga
(c) Scríobhann siad cártaí

